Údarás na Gaeltachta

## Scoláireacht Forbairt Gnó

## Fiontraíocht & Fostaíocht

Tá Scoláireacht i bhForbairt Ghnó a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iarratasóirí Gaeltachta le hoiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil i réimse oibre na forbartha gnó.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal mar shampla: Gnó, Tráchtáil, Margaíocht, Dlí á lorg. Ní mór cruinneas maith scríofa agus labhartha na Gaeilge agus an Bhéarla a bheith ag iarratasóirí.

Teastóidh scileanna riaracháin, ríomhaireachta agus anailíseacha d 'ardchaighdeán agus bheadh eolas / tuiscint ar ghnóthaí cuntasaíochta, airgeadais nó gnó ina bhuntáiste.

Is deis é seo do dhuine cumasach taithí a fháil in eagraíocht atá ag plé le réimse leathan earnálacha gnó agus forbartha pobail, i dtimpeallacht oibre spéisiúil.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an té sin chomh maith le costais a bhainfeadh le cúrsaí oiliúna, costais iarchéime nó cáilíochtaí gairmiúla san áireamh.

Beidh an duine a cheapfar ag oibriú i dtreo cáilíocht airgeadais nó cuntasaíochta le linn a bhfostaíochta.

Seol iarratas mar aon le CV trí Ghaeilge, roimh 4in Aoine 25ú Samhain 2022 chuig foluntais@udaras.ie nó chuig;

**An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,**

**Údarás na Gaeltachta,**

**Na Forbacha,**

**Co. na Gaillimhe**.

**Teil:** 091 503100 **Ríomhphost:** foluntais@udaras.ie